RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/128 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Feabhra 2021

lena socraítear an t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 16(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, is iad na huasmhéideanna atá socruithe i leith na fo-uasteorann le caiteachas a bhaineann leis an margadh agus le híocaíochtaí díreacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle a bheidh san uasteorainn bhliantúil le caiteachas an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 ([2]).

(2) I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 11(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), thug roinnt Ballstát fógra don Choimisiún faoina gcinneadh maidir leis an laghdú ar mhéid na n-íocaíochtaí díreacha de bhun Airteagal 11(1) den Rialachán sin agus leis an toradh measta ar an laghdú a eascraíonn as i leith na bliana féilire 2020. I gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Rialachán sin, táthar le toradh measta an laghdaithe ar íocaíochtaí a chur ar fáil mar thacaíocht ón Aontas arna maoiniú faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

(3) I gcomhréir leis an séú fomhír d'Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, thug roinnt Ballstát fógra don Choimisiún maidir lena gcinneadh céatadán áirithe dá n-uasteorainn náisiúnta bhliantúil le híocaíochtaí díreacha i leith na bliana féilire 2020 a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise faoi CETFT sa bhliain airgeadais 2021.

(4) I gcomhréir leis an séú fomhír d'Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013, thug roinnt Ballstát fógra don Choimisiún maidir lena gcinneadh méid áirithe den tacaíocht atá le maoiniú faoi CETFT sa bhliain airgeadais 2021 a chur ar fáil mar íocaíochtaí díreacha i leith na bliana féilire 2020.

(5) Rinneadh na huasteorainneacha ábhartha náisiúnta a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 a oiriúnú dá réir sin.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093, tá an fho-uasteorainn le caiteachas a bhaineann leis an margadh agus le híocaíochtaí díreacha de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin le coigeartú faoin gcoigeartú teicniúil dá bhforáiltear in Airteagal 4 den Rialachán sin tar éis na n-aistrithe idir CETFT agus na híocaíochtaí díreacha.

(7) Ní mór, dá bhrí sin, an t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT sna blianta airgeadais 2021 go 2027 a choigeartú. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart na méideanna atá le cur ar fáil do CETFT a fhoilsiú freisin.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.

([2]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach san Iarscríbhinn an t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta le haghaidh na mblianta airgeadais 2021 go 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Feabhra 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Rialachán Cur chun Feidhme ón gCoimisiún lena socraítear an t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT

(EUR milliún)

Bliain airgeadais	Méideanna a chuirtear ar fáil do CETFT		Méideanna a aistrítear ar fáil ó CETFT	An t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT
	Airteagal 14(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013	Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013	Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013	
2021	1 099,539	58,165	600,658	40 367,954
2022				41 257,000
2023				41 518,000
2024				41 649,000
2025				41 782,000
2026				41 913,000
2027				42 047,000